C/2026/3947

21.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12496 — NASPERS / EMAG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3947)

1. An 14 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Naspers Limited ('Naspers', an Afraic Theas), máthairchuideachta Prosus N.V. ('Prosus', an Ísiltír) agus a fhochuideachta ar lánúinéireacht indíreach MIH B2C Holdings B.V. ('MIH', an Ísiltír),

— Dante International S.A. ('eMAG', an Rómáin), faoi rialú Iulian Gabriel Stanciu ('an tUasal Stanciu', an Rómáin) agus Naspers faoi láthair, trí Prosus agus MIH.

Gheobhaidh Naspers, trí Prosus agus MIH, rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar eMAG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa domhanda idirlín tomhaltóirí agus cuideachta sealbhaíochta ilnáisiúnta é Naspers. Is grúpa idirlín tomhaltóirí atá gníomhach ar fud an domhain é a fhochuideachta Prosus agus is infheisteoir teicneolaíochta é a bhfuil a chuideachtaí punainne gníomhach i seachadadh bia, ríomhthráchtáil, teicneolaíocht airgeadais, fógraíocht rangaithe agus teicneolaíocht oideachais ar fud LEE agus ar fud an domhain,

— Is miondíoltóir é EMAG a ghníomhaíonn mar idirghabhálaí freisin chun táirgí leictreonaice, cosmaidí, táirgí peataí, agus táirgí eile a dhíol sa Rómáin agus tá oibríochtaí eile aige sa Bhulgáir agus san Ungáir.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12496 — NASPERS / EMAG

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË